



## Úsáid teangacha ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde Eorpach (REA)

### 1. RÉAMHRÁ & PRÍOMHPHRIONSABAIL

Sa doiciméad seo tá na prionsabail agus na rialacha maidir le húsáid teanga a leanann REA agus cumarsáid sheachtrach á déanamh aige. Mar chuid dá thiomantas chun seirbhís phoiblí-ar ardchaighdeán a chur ar fáil, déanann REA a dhícheall lena áirithiú go mbíonn an teagmháil le saoránaigh éifeachtach agus éifeachtúil.

Chun críocha áirithe, is léir gur bealach maith é úsáid a bhaint as teangacha iomadúla chun cumarsáid a fheabhsú. Mar shampla, tá an Coimisiún Eorpach ag cur [torthaí tionscadal taighde áirithe in iúl i seacht dteanga](#), agus tairgtear an tseirbhís REA a bhailíochtaíonn rannpháirtithe i ndeontais agus i soláthair i níos mó ná teanga amháin (féach roinn 2.2 thíos).

Mar gheall ar a réimse oibre, is i mBéarla a bhíonn formhór na malartuithe le daoine a oibríonn i réimsí an taighde agus na nuálaíochta. Is i mBéarla a dhéantar cumarsáid idirnáisiúnta den chuid is mó. Sa chomhthéacs sin, is dócha go dtabharfaidh an chuid is mó de na gníomhaithe a dteastaíonn faisnéis ó REA uathu, i gcomhthéacs na nósanna imeachta maidir le hiarratais atá ar siúl faoi láthair, tosaíocht do luas na faisnéise thar theanga áirithe, i bhfianaise an méid ama a theastaíonn le haghaidh aistriúcháin.

Dá bhrí sin, ní ann d'ábhar áirithe a úsáideann REA i gcur chun feidhme an chláir taighde ach i mBéarla. Baineann sé sin, mar shampla, le [cuid na saineolaithe den tairseach um dheiseanna maoinithe agus tairisceana](#), rud a bhfuil údar leis toisc go dteastaíonn teanga oibre amháin ó shaineolaithe chun tograí a mheas mar chuid d'fhoirne ilnáisiúnta a mheas.

Cuireann REA na rialacha atá leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach maidir le húsáid teanga chun feidhme ina n-iomláine, mar a thuairiscítear sa roinn thíos. Ina theannta sin, comhlíonann REA ceanglais teanga an Ombudsman Eorpaigh agus na Cúirte Breithiúnais Eorpaí má bhíonn baint aige le cásanna a láimhseálann na hinstiúidí sin.

## 2. RIALACHA IS INFHEIDHME

### 2.1. Cód dea-iompraíochta riaracháin d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh ina gcaidreamh leis an bpobal<sup>1</sup>

Luaitear an méid seo a leanas i Roinn 4 den Chód:

“I gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, tabharfaidh an Coimisiún freagra ar litreacha i dteanga na litreach tosaigh, ar choinníoll gur scríobhadh i gceann de na teangacha oifigiúla an litir sin”.

Tá feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le comhfhreagras eile amhail ríomhphoist, ní litreacha amháin. Liostaítear teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh [anseo](#).

Tabhair do d'aire le do thoil go leanann comhfhreagras atá clúdaithe sna rialacha atá luaite i ranna 2.2-2.7 thíos forálacha teanga na rialacha sin, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le forálacha an Chóid dea-iompraíocht riaracháin.

### 2.2. Maoiniú & tairiscintí AE - Rialacha maidir le bailíochtú eintiteas dlíthiúil, eintiteas dlíthiúil arna cheapadh mar ionadaí (LEAR), agus measúnú ar acmhainn airgeadais<sup>2</sup>

Glactar le doiciméid a bhaineann leis an bpróiseas bailíochtaithe dlíthiúil (ceapachán LEAR san áireamh) agus le measúnú ar acmhainn airgeadais i dteangacha oifigiúla uile an AE. Cuirtear ilteangachas iomlán ar fáil mar chuid de na próisis seo: tá an rogha ag rannpháirtithe cumarsáid a dhéanamh le Seirbhísí Bailíochtaithe REA in aon cheann de theangacha an AE. Chun an leagan is déanaí de na rialacha a fháil, féach ar [thairseach maoinithe & tairisceana an AE](#).

### 2.3. Córas teanga na gclár a chuireann REA chun feidhme

#### 2.3.1. Fís Eorpach

Is féidir tograí a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an AE, atá liostaithe [anseo](#). Beidh an tSamhail-Chomhaontú Deontais do thairbhíthe na Físe Eorpaí ar fáil i 23 teanga. Sonraítear ann nach mór na tuarascálacha uile (tuarascálacha teicniúla agus airgeadais, ráitis airgeadais san áireamh) a chur ar fáil i dteanga an Chomhaontaithe.

Mar a mhínítear i roinn 1 thuas, áfach, is i mBéarla amháin a dhéantar cumarsáid le saineolaithe agus le hiarratasóirí agus is i mBéarla amháin a bhíonn formhór na ndoiciméad ar fáil.

---

<sup>1</sup> IO L 308/32, 8.12.2000, [https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/service-standards-and-principles/ethics-and-good-administration/good-administration/code-good-administrative-behaviour-and-complaints\\_ga](https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/service-standards-and-principles/ethics-and-good-administration/good-administration/code-good-administrative-behaviour-and-complaints_ga)

<sup>2</sup> [https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/rules-lev-lear-fca\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/rules-lev-lear-fca_en.pdf)

### 2.3.2. *Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (RFCS)*

Faoi láthair, is i mBéarla amháin atá suíomh gréasáin RFCS ar *europa.eu*. Tá sé sin ag teacht le [beartas teanga shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh](#). Tá Pacáiste Faisnéise RFCS, ina leagtar amach na rialacha maidir le rannpháirtíocht sa ghlaio bliantúil ar thograí, curtha ar fáil i mBéarla freisin.

Laistigh de Phacáiste Faisnéise RFCS, tá an méid seo a leanas sonraithe go soiléir "Ba chóir na foirmeacha i gCuid B a líonadh isteach i mBéarla más féidir mar is é seo an teanga oibre a úsáidfear i rith na meastóireachta. Má tá na foirmeacha seo scríofa i dteanga nach í an Béarla í, cuir leagan Béarla d'achóimre an togra ar fáil san Iarscríbhinn Theicniúil (Foirm B2). Tabhair faoi deara, i gcás ar bith, nach bhfuil na foirmeacha tíolachta ar líne do Chuid A agus na teimpléid do Chuid B ar fáil ach i mBéarla amháin."

Maidir le Samhail-Chomhaontú Deontais RFCS, luaitear freisin nach mór gach tuarascáil (tuarascálacha teicniúla agus airgeadais, ráitis airgeadais san áireamh) a chur ar fáil i dteanga an Chomhaontaithe. Ós rud é nach mór do Ghrúpaí Teicniúla saineolaithe scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha thuas de réir Chinneadh 2008/376/CE ón gComhairle, arb é an Béarla a dteanga oibre, is é an cleachtas coiteann Comhaontuithe Deontais RFCS a bhunú i mBéarla.

### 2.3.3. *Bearta fógraíochta a bhaineann le táirgí talmhaíochta*

Is i dteanga an iarratasóra a thugtar freagraí ar cheisteanna a sheolfar chuig deasc chabhrach an ghlaio. Foilsítear glaonna ar thograí agus eolaire clár in 23 teanga, cé nach bhfuil an tsamhail-chomhaontú deontais ar fáil in 23 teanga ach amháin le haghaidh "cláir shimplí" (deontais arna mbainistiú ag na Ballstáit). I gcás "ilchlár" a ndéanann REA a saolré iomlán deontais a bhainistiú, is i mBéarla amháin atá an tsamhail-chomhaontú deontais ar fáil. Is féidir tograí a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an AE. Is i mBéarla a dhéantar cumarsáid le saineolaithe agus le hiarratasóirí.

## 2.4. **An tSeirbhís um Fhiosrúcháin Taighde**

Tugann an tSeirbhís um Fhiosrúcháin Taighde – ar cuid í den Ionad Teagmhála EORAIP DHÍREACH ('EDCC') atá á bhainistiú ag DG COMM – freagra ar na ceisteanna a bhaineann le Creatchláir AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta, amhail Fís Eorpach. Is é an príomh-spríocghrúpa saoránaigh a bhfuil nó saoránaigh a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht i dtionscadail taighde a fhaigheann tacaíocht ón Aontas. Bíonn na seirbhísí ag feidhmiú i mBéarla, a nglactar leis mar an teanga cumarsáide sa réimse taighde sin. Féach ar Shonraíocht na Tairisceana le haghaidh OIBRÍOCHT IONAD TEAGMHÁLA EORAIP DHÍREACH (EDCC) COMM/2020/OP/0015 [anseo](#).

## 2.5. **Ábhar REA ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh**

I gcomhréir le [beartas teanga shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh](#), tá [eolas bunúsach faoi REA](#) ar fáil i dteangacha éagsúla. Is i mBéarla atá ábhar dinimiciúil nó mionsonraithe scríofa (scéalta nuachta, tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí etc.). Tá sé beartaithe go ndéanfar ábhar ilteangach

a bhaineann le cur chun feidhme na forála faisnéise agus na mbeart fógraíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin REA de réir a chéile.

## 2.6. Foireann REA a roghnú agus a earcú

I gcomhréir le [Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach \(CEOS\)](#), is coinníoll incháilitheachta é maidir le hearcaíocht go bhfuil inniúlachtaí teanga áirithe ag iarrthóirí<sup>3</sup>. Má mheastar go ginearálta gurb é an Béarla an *lingua franca* i réimse an tsaineolais atá á lorg, agus/nó má tá sé riachtanach chun aon chúraimí a bheidh le déanamh a chur i gcrích, tá sé sin luaite freisin i dtéacs an ghlaio. Déantar measúnú ar na riachtanais teanga sin le linn an phróisis roghnúcháin. D'fhéadfadh an [Oifig Eorpach um Roghnú Foirne](#) (EPSO) measúnú a dhéanamh ar inniúlacht teanga mar chuid de phróisis roghnúcháin áirithe REA.

## 2.7. Soláthar

Sonraítear in Iarscríbhinn I (*Soláthar*) den [Rialachán Airgeadais](#)<sup>4</sup> na doiciméid a bhaineann le soláthairtí REA nach mór a fhoilsiú i ngach leagan teanga *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## 3. POINTÍ TEAGMHÁLA ÁBHARTHA

Má mheasann tú gur sháraigh REA *Cód dea-iompraíocht riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh nuair a bhí tú* ag déileáil leis an bpobal, is féidir leat gearán a dhéanamh. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar [an leathanach gréasáin seo](#), ina mínítear freisin conas is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach.

Seol aon cheisteanna nó iarratais maidir le húsáid teanga nuair a dhéanann tú iarratas ar chlár taighde nó nuair a bhíonn tú rannpháirteach i gclár taighde de chuid an AE chuig an tSeirbhís um Fhiosrúcháin Taighde.

---

<sup>3</sup> Sonraithe in Airteagal 12(2) agus in Airteagal 82(3) de CEOS, Rialachán 31 (CEE) 11 (CEFA) de 14.6.1962

<sup>4</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.7.2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh